Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2025
(OR. en)

14855/25

LIMITE

CORLX 1023
CFSP/PESC 1564
COMET 79
COTER 181

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693**
**a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh)**
**agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais**
**agus eintitis a bhfuil baint acu leo**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/1693[1].

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus ó Al-Qaeda agus ó dhaoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo, ba cheart eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693.

(3) Ós rud é go bhfuil an t-eintiteas le cur leis an liosta faoi réir bearta a leagtar amach i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle[2], ba cheart na bearta sriantacha ábhartha faoi Chinneadh (CBES) 2016/1693 a chur ar fionraí don eintiteas sin fad a bheidh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES maidir leis.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1693/oj).

[2] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2010/788/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus (4), a mhéid a bhaineann siad leis an ngrúpa ‘Allied Democratic Forces’ (na Comhfhórsaí Daonlathacha), cuirfear ar fionraí iad fad a bheidh feidhm ag na bearta a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle* maidir leis an eintiteas sin.

---

* Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2010/788/oj).’;

(2) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal 'B. Grúpaí, gnóthais agus eintitis dá dtagraítear in Airteagal 3':

'8. Allied Democratic Forces (na Comhfhórsaí Daonlathacha).'.

PUBLIC